

URNAÍ NA MAIDINE - 15 MÁRTA 2020

An trú Domhnach, Tráth an Charghais

Cruinniú Phobal Dé

ABAIRTÍ AS AN SCRÍOPTÚR

M'íobairtse, a Dhia, an croí aithríoch; ní eiteoidh tú, a Dhia, croí brúite uiríseal.

Salm 51: 17

Iomann Oscailt: CH609 “*Bí, Íosa, im chroíse*”

Bí, a Íosa, im chroíse i gcuimhne gach uair,
bí, a Íosa, mo chroíse le haithrí go luath
bí, a Íosa, im chroíse le cumann go buan
ó, a Íosa 'Dhé dhílis, ná scar thusa uaim.

'Sé, a Íosa mo ríse, mo chara is mo ghrá,
'sé, a Íosa mo dhídean ar pheaca is ar bhás,
'sé, a Íosa mo aoibhneas, mo scáthán do ghnáth,
is, a Íosa, 'Dhé dhílis, ná scar uaim go brách.

Bí, a Íosa, go síoraí im chroí is im bhéal,
bí, a Íosa, go síoraí im thuigse mar an gcéann',
bí, a Íosa, go síoraí im mheabhair mar léann,
's ó, a Íosa, 'Dhé dhílis, ná fág mé liom féin.

aistriú ag George Otto Simms (1910-1991)

Éist agus bí ag canadh leis an iomann seo ag:

<https://www.youtube.com/watch?v=3D9Hvj18VEs>

Táimid cruinnithe anseo
lenár n-adhradh agus ár moladh agus ár mbuíochas
a thairiscint do Dhia uilechumhachtach;
lenár bpeacaí a admháil agus le maithiúnas Dé a fháil,
le fógairt a bhriathair naofa a chloisteáil,
lenár riachtanais féin agus riachtanais an domhain mhóir a chur roimhe,
agus le guí air trí chumhacht a Spioraid
go ndéana muid seirbhís dó
ionas go mb'eol dúinn liacht a ghrá.

Admháimis ár bpeacaí do Dhia, dár nAthair Síoraí.

Tost

A Athair neamhaí
pheacaigh muid i d'éadan agus in éadan ár gcomhdhaoine
le smaoineamh agus le briathar agus le gníomh,
trí fhaillí, trí laige,
trínár gcoir agus trínár dtoil féin;
trína bhfuil déanta againn,
agus trínar theip orainn a dhéanamh.
Tá brón ó chroí orainn agus aithreachas as ár bpeacaí uile.
As ucht do Mhic Íosa Críost a fuair bás ar ár son,
tabhair maithiúnas dúinn ina bhfuil déanta;
agus deonaigh dúinn seirbhís a dhéanamh duit in úire na beatha
ar nós a mhéadóidh glóir d'ainm. Áiméan

A Thiarna na trócaire,
deonaigh do phobal dílis maithiúnas agus síocháin,
chun go nglantar ónár bpeacaí uile sinn,
agus go ndéana muid seirbhís duit le ciúnas aigne;
trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

Ag Fógairt agus ag Glacadh leis an Bhriathar

URNAÍ NA MAIDINE

Seasann cách

A Thiarna, oscail ár mbéal
Agus seinnfidh ár dteanga do mholadh.

A Dhia, tar go lúfar dár bhfuascailt.
A Thiarna, déan tapa dár dtarrtháil.

Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh:
Mar a bhí ar dtús, mar atá anois, agus mar a bheas go brách:
trí shaol na saol. Áiméan.

Molai gí an Tiarna:
Moltar ainm an Tiarna.

AN CHÉAD CHAINTIC

IUBILATE *Salm 100*

- 1 Gairdígí don Tiarna, a thíortha uile; ■
fónaigí don Tiarna go lúcháireach.
Tagaigí ina láthair le hamhráin áthais.
- 2 Bíodh a fhios agaibh gurb é an Tiarna is Dia ann. ■
Eisean a rinne sinn; is leis féin sinn.
Sinne a phobal agus caoirigh a pháirce.
- 3 Gabhaigí buíochas leis ag dul isteach ina dhoirse daoibh. ■
Siúlaigí isteach ina chúirteanna le cainticí.
Tugaigí moladh dó agus móraigí a ainm.
- 4 Nach maith é go deimhin an Tiarna; ■
maireann a bhuanghrá go brách.
Is dílis é ó ghlúin go chéile.

AN CHÉAD LÉACHT

Exodus 17: 1-7

Bhog comhthionól uile chlann Iosrael leo ar aghaidh óna gcampa i bhfásach Shín, céim ar chéim de réir mar d'ordaigh an Tiarna; shuíodar a gcampa i Reifídím, áit nach raibh aon uisce le hól ag an bpobal. Agus chrom an pobal ar chasaoid le Maois: “Tabhair dúinn uisce le hól!” a deiridís. D’fhreagair Maois: “Cad a b’áil libh ag casaoid liom? Cad ab áil libh ag promhadh an Tiarna?” Ach bhí íota tarta ar an bpobal agus rinneadar monabhar in aghaidh Mhaois. “Cad chuige ar thug tú amach as an Éigipt sinn?” ar siad. “An d’fhonn go gcuirfeá sinn féin agus ár gclann agus ár stoc chun báis le tart?” Ghlaigh Maois ar an Tiarna: “Cad a dhéanfaidh mé leis an bpobal seo? Is beag nach bhfuil siad ag gabháil de chlocha ionam.” Agus dúirt an Tiarna le Maois: “Tabhair leat cuid de sheanóirí Iosrael agus téigh ar thosach an phobail. Beir i do lámh ar an tslat lenar bhuail tú an abhainn, agus seo leat. Féach! beidh mé i mo sheasamh ansiúd ar an gearraig romhat (i Horaeb). Buail an charraig agus snífidh uisce aisti le hól ag an bpobal.” Agus rinne Maois amhlaidh i láthair sheanóirí Iosrael. Thug sé Masá agus Miríbeá ar an áit de bharr chasaoid chlann Iosrael agus go ndearnadar promhadh ar an Tiarna á rá: “An bhfuil an Tiarna farainn nó nach bhfuil?”

Féadtar tost a choinneáil i ndiaidh na léachta.

Salm 95

- 1 Téanam agus canaimis don Tiarna; ■
déanaimis gairdeas do charraig ár slánaithe.
- 2 Druidimis ina láthair le haltú buíochais; ■
déanaimis pléaráca dó le hamhráin mholta.
- 3 Óir is Dia mór é go dearfa an Tiarna; ■
is rí mór é os cionn na ndéithe go léir.
- 4 Is ina lámha atá duibheagáin na cruinne, ■
agus is leis mar an gcéanna na hardsléibhte.
- 5 Is leis an fharraige, óir is é a chruthaigh í; ■
agus is iad a lámha a dhealbhaigh an talamh tirim.
- 6 Téanam, go n-adharfaimis agus go sléachtfaimis; ■
feacam ár nglúine i láthair an Tiarna a chruthaigh sinn.
- 7 Óir is é ár nDia é, agus is sinne ■
pobal a pháirce agus caoirigh a láimhe.
- 8 Á, dá n-eistfeadh sibh inniu lena ghlór: ■
“Ná cruaiígí bhur gcroí mar a tharla i Miríbeá,
nó an lá úd ag Masá san fhásach
- 9 mar a ndearna bhur n-aithreacha mo phromhadh, ■
do mo thriail cé go bhfacadar mo bhearta.
- 10 Ar feadh daichead bliain ba ghráin liom an ghlúin sin ■
agus dúirt mé: ‘Is seachránach a gcroí siúd;
is pobal iad nach eol dóibh mo shlite.’
- 11 Ar an ábhar sin mhionnaigh mé i m’fhearg ■
nach rachaidís i mo shuaimhneas isteach go brách.”

AN DARA LÉACHT**Rómhanaigh 5: 1-11**

Dá bhrí sin, ó táimid fíréanaithe ag an gcreideamh, tá síocháin againn le Dia trínár dTiarna Íosa Críost, mar is trídsean atá teacht againn le creideamh ar an ngrásta seo ina mairimid. Agus ábhar mórála dúinn is ea an dóchas go bhfuil glóir Dé i ndán dúinn. Agus ní amháin sin ach is ábhar mórála dúinn ár dtrioblóidí agus a fhios againn go dtagann foighne ón trioblóid, agus diongbháilteacht ón bhfoighne agus dóchas ón diongbháilteacht. Ní chliseann an dóchas seo orainn mar tá ár gcroí líonta de ghrá Dé tríd an Spiorad Naomh a tugadh dúinn. Nuair a bhíomar fós lag, fuair Críost bás i dtráth ar son drochdhaoine.

Is ar éigean a gheobhadh fear bás ar son duine chóir féin – is ea, b’fhéidir go mbeadh sé de chroí aige bás a fháil ar son dea-dhuine. Ach cruthaíonn Dia an grá atá aige dúinn trí Chríost a fháil bháis ar ár son agus sinn fós inár bpeacaigh.

Ó táimid fíréanaithe anois trína chuid fola, nach móide go mór go saorfar sinn tríd ó fhearg Dé? Agus má rinneadh athmhuintearas idir sinn agus Dia trí bhás a Mhic agus sinn inár naimhde dó, nach móide go mór anois agus an t-athmhuintearas déanta go saorfar sinn trína bheatha? Agus ní hé sin amháin é, ach táimid mórálach as Dia trínár dTiarna Íosa Críost, an té a ghnóthaigh an t-athmhuintearas sin anois dúinn.

Féadtar tost a choinneáil i ndiaidh na léachta.

AN DARA CAINTIC**An TE DEUM****Cuid a haon**

- 1 Molaimid thú a Dhia:
admháimid gur tusa an Tiarna; ■
Adhrann an talamh uile thú:
an tAthair síoraí.

- 2 Is chugatsa a cheolann na hAingil uile,
na Flaithis agus a bhfuil de chumhachtaí iontu ■
Is chugatsa a cheolann de shíor na cearúibím agus na searaifím,
- 3 Naofa, naofa, naofa an Thiarna, Dia na gcumhachtaí: ■
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
- 4 Molann cuideachta ghlórmhar na n-aspal thú: ■
molann dea-chomhaltas na bhfáithe thú.
- 5 Molann arm glanuasal na mairtíreach thú: ■
an Eaglais naofa ar fud an domhain, admhaíonn sí thú.
- 6 An tAthair i do mhórgacht gan teorainn:
d'Aonmhac fírinneach fíor-onórach: ■
agus an Spiorad Naomh treoraí agus abhcóide.

Cuid a Dó

- 7 Is tú Rí na glóire, a Chríost. ■
Is tú an Mac síoraí ón Athair.
- 8 Nuair a ghabh tú ort ár gcorp le sinn a fhuascailt: ■
is í broinn na hÓighe a roghnaigh tú go humhal.
- 9 Rug tú bua ar gha an bháis: ■
agus chuir ríocht neimhe ar leathadh roimh lucht an chreidimh go léir.
- 10 Tá tú i do shuí i nglóir ar dheasláimh Dé: ■
creidimid go dtiocfaidh tú mar bhreitheamh orainn.
- 11 Tar mar sin, a Thiarna agus fóir ar do phobal, ■
a cheannaigh tú le luach d'fhola féin.
- 12 Tabhair i measc do naomh sinn ■
chun na glóire síoraí.

Cuid a Trí

- 13 Saor do phobal, a Thiarna, agus beannaigh d'oidhreacht: ■
bí á rialú, agus tabhair taca dóibh go brách.
- 14 Ó lá go lá beannaímid thú: ■
agus adhraimid d'ainm de shíor.
- 15 A Thiarna, coinnigh sinn ó gach peaca inniu: ■
A Thiarna, déan trócaire orainn: déan trócaire orainn.
- 16 A Thiarna, taispeáin dúinn do ghrá is do thrócaire: ■
ós asat atá ár muinín.
- 17 Asatsa, a Thiarna, atá ár muinín: ■
ná ligtear ár náiriú go brách.

Iomann os comhair an tSoiscéil: CH17 “Troyaigh me, a Thiarna”

Treoraigh mé, treoraigh mé, a Thiarna,
go siúlaid ar bhóthar firéantachta Dé:
Treoraigh mé, treoraigh mé, a Thiarna,
go siúlaid ar bhóthar firéantachta Dé.

Foilsigh an tsli romham, óir níl ann, a Thiarna,
ach tusa amháin a choimeádann slán mé.
Foilsigh an tsli romham, óir níl ann, a Thiarna,
ach tusa amháin a choimeádann slán mé.

Salm 5: 8 agus 4: 8
tr. Eibhlín Nic Phairais

Éist agus bí ag canadh leis an iomann seo ag:

<https://www.youtube.com/watch?v=6cf4-dEdA7o>

Eoin 4: 5-42

Tháinig sé mar sin go cathair sa tSamáir darbh ainm Suchar, láimh leis an bhfearann a thug Iacób dá mhac Iósaef. Ansiúd a bhí tobar Iacóib. Mar go raibh Íosa traochta ón aistear, shuigh sé ag an tobar. Timpeall an séú huair a ba ea é.

Tháinig bean ón tSamáir ag tarraingt uisce. Dúirt Íosa léi: “Tabhair dom deoch.” Bhí a dheisceabail imithe isteach don chathair ag ceannach bia. Dúirt an Samárach mná leis ansin: “Conas go n-iarrann tusa, agus gur Giúdach thú, deoch ormsa agus gur Samárach mná mé?” Ní bhíonn aon chaidreamh ag Giúdaigh ar Shamáraigh. D’fhreagair Íosa: “Dá mba eol duit tabhartas Dé,” ar sé léi, “agus cé hé a deir leat: ‘Tabhair dom deoch,’ is tusa a bheadh ag iarraidh airsean, agus thabharfadh sé duit uisce beo.” “Níl aon bhuicéad agat, a dhuine uasail,” arsa an bhean leis, “agus tá an tobar domhain. Cad as mar sin a gheobhfá an t-uisce beo seo? An amhlaidh gur mó thú ná ár n-athair Iacób a thug dúinn an tobar agus gur ól sé féin as agus a chlann agus a thréada?” D’fhreagair Íosa: “Gach duine a ólann an t-uisce seo,” ar sé léi, “beidh tart arís air.

Ach má olann aon duine an t-uisce a thabharfaidh mise dó, ní bheidh tart air go brách na breithe. Ach an t-uisce a thabharfaidh mise dó, déanfaidh tobar uisce de istigh ann, ag brúchtaíl chun na beathn síoraí.” Dúirt an bhean leis: “A dhuine uasail, tabhair dom an t-uisce sin i dtreo nach mbeidh tart orm choíche, agus nach gcaithfidh mé teacht anseo ag tarraingt uisce.” Dúirt sé léi: “Imigh agus glaoigh ar d’fhear agus fill anseo.” D’fhreagair an bhean: “Níl fear agam,” ar sí leis. Dúirt Íosa léi: “Is maith a dúirt tú: ‘Níl fear agam’; óir bhí cúigear fear agat agus an té atá anois agat ní hé d’fhear é. D’inis tú an fhírinne sa mhéid sin.” Dúirt an bhean leis: “A dhuine uasail, feicim gur fáidh thú. Ar an gcnoc seo a rinne ár n-aithreacha Dia a adhradh, ach deir sibhse gur in Iarúsailéim atá an áit in ar cóir adhradh a dhéanamh.” Dúirt Íosa léi: Creid uaimse é, a bhean go bhfuil an uain ag teacht nuair nach ar an gcnoc seo ná in Iarúsailéim a dhéanfaidh sibh an tAthair a adhradh. Adhrann sibhse an ní nach eol daoibh; adhráimidne an ní is eol dúinn; mar is ó na Giúdaigh an slánú. Ach tá an uain ag teacht, agus is anois féin é, ina ndéanfaidh lucht an fhíoradhartha an tAthair a adhradh sa Spiorad agus san fhírinne; óir sin iad an sórt is mian leis an Athair á adhradh. Spiorad é Dia, agus lucht a adhartha is i spiorad agus i bhfírinne a chaithfidh siad adhradh.” Dúirt an bhean leis: “Tá a fhios agam go bhfuil an Meisias ag teacht” – is é sin le rá an Críost – “agus nuair a thiocfaidh seisean inseoidh sé gach aon ní dúinn.” Dúirt Íosa léi: “Mise é atá ag caint leat.”

Lena linn sin tháinig a dheisceabail agus rinne siad ionadh de go raibh sé ag caint le bean. Ní dúirt aon duine acu, áfach: “Cad tá uait?” ná “Cén fáth tú a bheith ag caint léi?” Lig an bhean a crúsca uaithe ansin agus d’imigh léi isteach don chathair agus dúirt leis na daoine: “Tagaigí go bhfeicfidh sibh fear a d’inis dom gach ní dá ndearna mé. An féidir gurb é an Críost é?” Ghluais deoine amach as an gcathair agus bhí siad ag dul ina threo.

Lena linn sin bhí a dheisceabail ag tathant air: “A raibí,” ar siad leis, “bí ag ithe.” Dúirt sé leo: “Tá agam bia le hithe nach eol daoibhse.” Ansin dúirt na deisceabail lena chéile: “An féidir gur thug duine éigin rud le hithe dó?” Dúirt Íosa leo: “Is é is bia domsa toil an té a chuir uaidh mé a dhéanamh agus a obair a chur i gcrích. Nach ndeir sibhse ‘Ceithre mhí eile agus beidh an fómhar ann’? Seo mise á rá libh: Tógaigí bhur súile agus féachaigí ar na goirt; tá siad geal chun an fhómhair. Tá a thuarastal á fháil ag an mbuanaí cheana féin, agus tá toradh á bhailiú aige chun na beatha síoraí, i dtreo go bhfuil lúcháir ar an síoladóir agus ar an mbuanaí in éineacht. Óir is fíor don seanfhocal sa mhéid seo: ‘Cuireann duine, baineann duine eile.’ Sheol mise sibhse uaim chun fómhar a bhaint nár shaothraigh sibh féin. Shaothraigh daoine eile é, agus chuaigh sibhse isteach ina saothar.”

Chreid a lán de Shamáraigh na cathrach sin ann de bharr fhocal na mná ag tabhairt na fianaise: “D’inis sé dom gach ní dá ndearna mé.” Nuair a tháinig na Samáraigh chuige dá bhrí sin bhí siad ag tathant air fanacht faróthu, agus d’fhan sé ansiúd dhá lá. Ba mhó go mór a chreid de bharr a bhriathair agus deiridís leis an mbean: “Ní mar gheall ar do chuid cainte a chreidimid a thuilleadh; óir chualamar féin é agus tá a fhios againn gurb é seo dáiríre Slánaitheoir an domhain.”

Féadtar tost a choinneáil i ndiaidh na léachta.

BENEDICTUS Amhrán Zacharía. Lúcas 1: 68-79

- 1 Moladh don Tiarna, Dia Iosrael, ■
óir rinne sé a phobal a fhiosrú agus a fhuascailt;
- 2 agus thóg sé dúinn Slánaitheoir neartmhar ■
i dteaghlach Dháiví a sheirbhíseach –
- 3 de réir mar a labhair ■
trí bhéal a naomhfháidh anallód –

- 4 mar shaoradh dúinn ónár naimhde ■
agus óna láimh siúd uile ar fuath leo sinn,
- 5 ag déanamh trócaire mar sin ar ár sinsir, ■
agus ag cuimhneamh ar a thiomna naofa –
- 6 ar an mionn a mhionnaigh sé d’Abrahám ár n-athair – ■
go dtabharfadh sé dúinn,
- 7 tar éis ár saortha as láimh ár naimhde, ■
bheith ag seirbhís dó gan eagla,
- 8 i gcrábhadh agus i bhfíréantacht ina láthair ■
gach lá dár saol.
- 9 Agus tusa, a leanbh, glaofar ortsa fáidh an Té is Airde, ■
óir gluaisfidh tú roimh an Tiarna ag ullmhú a bhóthar,
- 10 ag tabhairt eolas an tslánaithe dá phobal ■
trí mhaithiúnas a bpeacaí
- 11 de chionn trócaire chroí ár nDé ■
a bhéarfaidh an Láchan dár bhfiosrú ó uachtar neimhe,
- 12 chun a soilsithe siúd atá ina suí sa dorchadas agus faoi scáil an bháis; ■
chun ár gcéimeanna a sheoladh i mbóthar na síochána.

Iomann: T&P 122 “*Sé an Tiarna m'aoire*” (véarsaí 1 agus 2)

*'Sé an Tiarna m'aoire,
ní bheidh aon nith de díth orm.*

'Sé an Tiarna m'aoire,
ní bheidh aon nith de dhith orm.
Cuireann se i mo luí mé I móinéar fear uaithne.
Seolann sé ar imeall an uisce mé
Mar a bhfaighim suaimhneas.

Seolann sé mé ar rianta díreacha
Mar gheall ar a ainm.
Fiú dar súilfainn i ngleann an dorchadais
níor bhaoil liom an tolc
agus tú faram le do slat
is do bhacall chun sólas a thabhairt dom.

bunaithe ar Salm 23

Éist agus bí ag canadh leis an iomann seo ag:

<https://www.youtube.com/watch?v=hxMPshowQrU>

CRÉ NA NASPAL

**Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach,
cruthaitheoir neimhe agus talaimh.
Creidim in Íosa Críost, Aonmhac Dé, ár dTiarna,
a gabhadh ón Spiorad Naomh,
a rugadh ón Mhaighdean Mhuire,
a d’fhulaing faoi Phontius Píoláit,
a céasadh, a fuair bás, agus a adhlacadh;
chuaigh sé síos go ríocht na marbh.
An tríú lá d’éirigh sé arís ó na mairbh;
chuaigh sé suas ar neamh,
agus tá sé ina shuí
ar dheis an Athar,
agus tiocfaidh sé arís chun breithiúnas a thabhairt
ar bheo agus ar mhairbh.**

Creidim sa Spiorad Naomh,
sa Naomheaglais chaitliceach,
cumann na naomh,
maithiúnas na bpeacaí,
aiséirí na colainne,
agus an bheatha shíoraí. **Áiméan**

Guí an Phobail

Go raibh an Tiarna libh.
Agus leat féin.

Téann gach duine ar a ghlúine

Guímis

A Thiarna, déan trócaire.
A Chríost, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

Ár nAthair, atá ar neamh,
go naofar d'ainm,
go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil
ar talamh mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu.
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin.
Agus ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ón olc.
Óir is leatsa an ríocht, agus an chumhacht,
agus an ghlóir, trí shaol na saol. Áiméan.

Foilsigh do thrócaire, a Thiarna,
agus deonaigh dúinn do shlánú.

A Thiarna, treoraigh agus cosain ár rialtóirí
agus bronn an eagna ar ár rialtas.

Bíodh an fhíréantacht mar éadach ar do mhinistrí
agus ligeadh do sheirbhísigh gáir áthais astu.

A Thiarna, saor do phobal
agus beannaigh an dream atá tofa agat.

Tabhair síocháin lenár linn, a Thiarna,
agus bíodh do ghlóir ar fud an talaimh.

A Dhia, cruthaigh croí glan ionainn
agus athnuaigh le do Naomhspiorad sinn.

NA hORTHAÍ

ORTHA AN LAE

A Thiarna Dia,
ar thug do Mhac beannaithe ár Slánaitheoir
cúl a dhroma do na sciúrsálaithe,
agus nár cheil anaghaidh ón náire:
Tabhair grásta dúinn
chun pianta an ama seo i láthair a fhulaingt
le dóchas daingean as an ghlóir a nochtfar;
trí Íosa Críost ár d'Tiarna. **Áiméan.**

ORTHA AN tSÉASÚIR

A Dhia uilechumhachtaigh
ós tú, trí d'aonghin Mhic, Íosa Criost,
a sháraigh an bás agus a d'osail dúinn geata na beatha síoraí;
Iarraimid go humhal ort,
faoi mar a thagann tú romhainn le do ghrásta sainiúil
ag cur mianta isteach inár n-aighe,
cabhair gan staonadh a thabhairt dúinn
chun críoch mhaith a chur ar na mianta céanna;
trí Íosa Criost ár dTiarna
a mhaireas i ríocht mar aon leatsa
agus leis an Spiorad Naomh,
aon Dia amháin go deo, trí shaol na saol. **Áiméan.**

URNAÍ NA MAIDINE

A Thiarna, ár nAthair neamhaí,
a Dhia shíoraí na gcumhachtaí,
tugaimid buíochas duit as ár dtabhairt slán go dtí an lá inniu:
Ná lig dúinn titim i bpeaca ná dul i gcontúirt,
agus tabhair treoir dúinn i ngach uile ní
do thoil a aithint agus a chur i ngníomh;
trí Íosa Criost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Athair neamhaí,
ina mairimid, ina ngluaisimid agus inar ann dúinn:
Guímid go humhal thú
ár seoladh agus ár smachtú le do Spiorad Naomh
sa dóigh is nach ndéanaimid dearmad de do láthairse,
ach cuimhneamh gur ag siúl faoi do radharc atá muid i dtólamh;
trí Íosa Criost ár dTiarna. **Áiméan.**

Is féidir paidreacha agus altuithé a rá.

Iomann Deiridh: T&P 14 “*Bí thusa mo shúile*”

Bí thusa mo shúile
a Rí mhór na ndúil,
líon thusa mo bheatha
mo chéadfa's mo stuaim,
bí thusa i m'aighe
gach oiche's gach lá;
im chodladh nó im dhúiseacht,
líon mé le do grá.

Bí thusa mo threorú
i mbriathar is i mbeart,
fan thusa go deo liom
is coinnigh mé ceart.
Glac cúram mar Athair
is éist le mo ghuí,
is tabhair domsa áit chónaíthe
istigh i do chroí.

*Rop tú mo baile, a Chomidiu cride
aistriú ag Aodh Ó Dúgain*

Éist agus bí ag canadh leis an iomann seo ag:

<https://www.youtube.com/watch?v=WJ0aINUzMSU>

Ag Imeacht mar Phobal Dé

Beannaímis ainm an Tiarna.

Buíochas le Dia.

Go raibh grásta ár dTiarna Íosa Críost
agus grá Dé

agus cumann an Spioraid Naoimh linn go léir. **Áiméan.**

2 Cor 13.13